Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na
hOllscolaíochta Gaeilge

Ard-Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach

Is cúrsa dhá bhliain atá i gceist leis an Ard-Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach atá dírithe go príomha ar mhic léinn a bhfuil céim onóracha bainte amach acu cheana féin i ndisciplín seachas an Ghaeilge ach atá ag iarraidh an Ghaeilge a shaothrú mar ábhar acadúil ag leibhéal 8.

Aidhm an chláir

Dearadh ábhar an chláir léinn seo le go dtiocfadh an cháilíocht le riachtanais na Comhairle Múinteoireachta don ábhar curaclaim Gaeilge.

Torthaí foghlama an chláir

Ag deireadh an chláir seo, beidh an mac léinn ábalta:

1. Ardchaighdeán Gaeilge idir labhairt agus scríobh (leibhéal B2.2 ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha) a léiriú.
2. Bunchoincheapa an bhéaloidis a mhíniú agus a léiriú.
3. Léargas a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le haistriúchán go Gaeilge agus ón nGaeilge.
4. Stair na meán traidisiúnta agus comhaimseartha a phlé.
5. Anailís chriticiúil a dhéanamh ar théacsanna liteartha.
6. Dioscúrsa acadúil a chur i láthair i bhfoirm scríofa i nGaeilge.

Leibhéal an chúrsa: Leibhéal 8

Fad: Is 2 bhliain (ar bhonn páirtaimseartha) timthriall an chúrsa, ach beidh fad an chúrsa ag brath ar na modúil a roghnófar má thugtar faoi go modúlach.

Riachtanais iontrála:

- Beidh céim onóracha, nó a comhionann, in ábhar ar bith riachtanach le tabhairt faoin Ard-Dioplóma seo.
- Ina theannta sin, caithfidh iarrthóirí a léiriú do stiúrthóir an chúrsa go bhfuil cumas sách ard sa Ghaeilge, idir labhairt agus scríobh, acu chun tabhairt faoin gcúrsa go sásúil.

Líon mac léinn: 30

Táille bhliantúil: €3,055

Táille in aghaidh an mhodúil (5 ECTS): €510 (Beidh tobhach €56 le híoc ag mic léinn a chláraíonn ar an gcúrsa seo.)
Is féidir le múinteoirí cur isteach ar An Scéim um Aisíoc Táillí Múinteoirí; tá níos mó eolais ar fáil ag an nasc seo:
https://www.mie.ie/en/study_with_us/refund_of_fees_scheme/

Conas iarratas a dhéanamh:
www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh nó
www.ollscoilnagaillimhe.ie/gaeilge

Tús an chúrsa: Meán Fómhair

www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na
hOllscolaíochta Gaeilge



Cén chaoi a ndéanfar an clár a sheachadadh?

Seachadfar an clár ar bhonn páirtaimseartha thar dhá bhliain agus bainfear leas as an bhfoghlaim chumaisc lena thairiscint. Déanfar an clár a theagasc ar bhonn modúil aonair. Tabharfar deis d'fhoghlaimeoirí a gclár ama agus a n-ualach oibre a chur in oiriúint dá gcúinsí maireachtála féin. Cuirfear ábhar na modúl ar fáil ar líne go seachtainiúil. Tabharfaidh na teagascóirí tacaíocht agus aiseolas ag ceardlanna míosúla ar champas na hOllscoile. Tabharfaidh siad tacaíocht agus aiseolas ar líne do mhic léinn ar an ríomhphost agus ar fhóram plé freisin.

Deiseanna staidéir iarchéime

Beidh deiseanna ag mic léinn a bhaineann an tArd-Dioplóma seo amach leanúint dá gcuid staidéir ar an nGaeilge ar an MA sa Léann Teanga, an MA san Aistriúchán, an MA sa Nua-Ghaeilge nó an MA san Ateangaireacht Chomhdhála.

Deiseanna gairme

Tabharfaidh an tArd-Dioplóma seo cáilíocht aitheanta sa Ghaeilge do mhic léinn, cáilíocht a chuirfidh go suntasach lena gcuid deiseanna fostaíochta, san earnáil oideachais go háirithe. Beidh deiseanna freisin ag mic léinn oibriú sna meáin chumarsáide, sa tseirbhís phoiblí, in earnáil an aistriúcháin agus san earnáil phobail.

Modúil an chláir	ECTS
Cruinneas na Gaeilge 1	10
An Prós Comhaimseartha	5
Stair na Meán Gaeilge	5
Uirlisí an Aistriúcháin agus na Téarmaíochta	5
An Scríbhneoireacht Acadúil	5
Cruinneas na Gaeilge 2	15
Na hEalaíona Traidisiúnta	5
Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 1	5
Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 2	5

Eolas faoi chúrsaí ag

www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

Tuilleadh eolais:

An Dr Éamon Ó Cofaigh,
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Áras na Gaeilge,
Ollscoil na Gaillimhe, Gaillimh.
t: +353 91 493802
r: eamon.ocofaigh@ollscoilnagaillmhe.ie